CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 150/25

**Lucsamburg, 2 Nollaig 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-492/23 | Russmedia Digital agus Inform Media Press

# Cosaint sonraí pearsanta: tá oibreoir margaidh ar líne ina rialaitheoir ar na sonraí pearsanta atá i bhfógraí a fhoilsítear ar a ardán

*Sa chomhthéacs sin, ní mór don oibreoir sin na fógraí a bhfuil sonraí íogaire iontu a shainaithint sula bhfoilseofar iad agus a fhíorú an ionann an fógróir agus an duine a bhfuil a shonraí i bhfógra den sórt sin, nó go bhfuil toiliú sainráite an duine sin aige*

Ceanglaítear le dlí an Aontais ar oibreoir margaidh ar líne freagracht a ghlacadh as na sonraí pearsanta atá i bhfógraí a fhoilsítear ar a ardán, i gcomhréir le RGCS [1]. Ní mór don oibreoir bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme atá iomchuí chun fógraí a bhfuil sonraí íogaire iontu a shainaithint, sula bhfoilseofar iad, agus a fhíorú gurb ionann an fógróir agus an duine a bhfuil a shonraí i bhfógra den sórt sin. Murab amhlaidh an cás, ní mór don oibreoir diúltú an fógra a fhoilsiú, ach amháin más féidir leis an bhfógróir sin a thaispeáint gur thug an duine sin a thoiliú sainráite maidir leis an bhfoilsiú sin nó go dtagann sé faoi cheann de na heisceachtaí eile dá bhforáiltear le RGCS [2]. Ina theannta sin, ní mór don oibreoir bearta a chur chun feidhme chun cosc a chur ar fhógraí den sórt sin a chóipeáil agus a fhoilsiú go neamhdhleathach ar shuíomhanna gréasáin eile nuair a fhoilsítear ar a ardán iad. Thairis sin, ní féidir leis éalú óna oibleagáidí trí bheith ag brath ar Threoir 2000/31 [3], lena n-áirítear, *inter alia*, Airteagail  a bhaineann [4] le cásanna nach féidir soláthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise a chur faoi dhliteanas ina leith.

Is é Russmedia Digital, cuideachta a corpraíodh faoi dhlí na Rómáine, úinéir an tsuímh gréasáin www.publi24.ro. Is margadh ar líne é an suíomh gréasáin ar ar féidir fógraí saor in aisce nó íoctha a fhoilsiú. Baineann na fógraí sin, *inter alia*, le hearraí a dhíol nó le seirbhísí a sholáthar sa Rómáin. An 1 Aibreán 2018, d’fhoilsigh duine neamhaitheanta teachtaireacht ar an suíomh gréasáin sin inar deimhníodh go raibh seirbhísí gnéis á dtairiscint ag bean. Sa teachtaireacht sin, bhí grianghraif di, arna n-úsáid gan toiliú uaithi, chomh maith lena huimhir teileafóin. Mheas an bhean go raibh an fógra sin bréagach agus díobhálach ; mar sin, d’iarr sí ar úinéir an tsuímh é a bhaint. Laistigh d’uair an chloig ón iarraidh sin a fháil, rinne Russmedia an foilseachán a bhaint den suíomh. Mar sin féin, bhí an fógra atá i gceist foilsithe cheana féin ar shuíomhanna gréasáin eile, ar a raibh rochtain fós air.

Sna himthosca sin, agus í ag meas gur sáraíodh a cearta chun íomhá poiblí, chun onóra agus chun cáile, agus chun saoil phríobháidigh, agus na rialacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, thug an bhean caingean os comhair chúirteanna na Rómáine. Chinn Cúirt Chéadchéime Cluj-Napoca i bhfabhar na caingne sin agus d’ordaigh sí do Russmedia EUR 7000 a íoc léi as damáiste neamhábhartha. Ar achomharc, áfach, rinne Cúirt Speisialaithe Cluj an chuideachta a dhíolmhú ó dhliteanas, agus í á aicmiú mar óstach amháin nach bhfuil freagrach as an ábhar arna fhoilsiú ag a úsáideoirí.

Rinne an t-íospartach achomharc ansin chuig Cúirt Achomhairc Cluj. Chinn an chúirt sin caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun soiléiriú a fháil ar léiriú dhlí an Aontais, go háirithe maidir leis na hoibleagáidí atá ar oibreoir margaidh ar líne faoi RGCS agus maidir le cé acu a d’fhéadfadh nó nach bhféadfadh an t-oibreoir sin éalú ó na hoibleagáidí sin mar gheall ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear i dTreoir 2000/31 do sholáthraithe

sheirbhísí na sochaí faisnéise [5].

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chinn an Chúirt go bhfuil oibreoir margaidh ar líne amhail Russmedia Digital **ina rialaitheoir**, de réir bhrí RGCS [6], **ar na sonraí pearsanta atá i bhfógraí a fhoilsítear ar a mhargadh ar líne**. Fiú más é an t-úsáideoir a duine a chuireann an fógra, ní fhoilsítear an fógra sin ar an idirlíon agus, dá bhrí sin, ní chuirtear ar fáil d'úsáideoirí idirlín é, ach amháin tríd an margadh ar líne.

Mar thoradh air sin, ní mór d'oibreoir margaidh ar líne, **sula bhfoilseofar na fógraí** agus trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, **na fógraí a bhfuil sonraí íogaire iontu**, amhail na fógraí atá i gceist sa chás seo, **a shainaithint**, **agus a fhíorú an ionann an úsáideoir atá ag ullmhú chun fógra den sórt sin a chur, agus an duine a bhfuil a shonraí íogaire san fhógra sin.**

Murab amhlaidh an cás, ní mór dó **a fhíorú ar thug an duine** a bhfuil a chuid sonraí foilsithe **a thoiliú sainráite maidir leis an bhfoilsiú.** In éagmais an toilithe sin, ní mór d'oibreoir margaidh ar líne **diúltú** an fógra atá i gceist **a fhoilsiú**, ach amháin má thagann an fógra sin faoi cheann de na heisceachtaí dá bhforáiltear le RGCS. Ina theannta sin, ní mór d'oibreoir margaidh ar líne féachaint le bac a chur ar fhógraí a bhfuil sonraí íogaire iontu a fhoilsítear ar a shuíomh gréasáin a chóipeáil agus a fhoilsiú go neamhdhleathach ar shuíomhanna gréasáin eile. Chuige sin, ní mór dó bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme.

Ar deireadh, sonraíonn an Chúirt nach féidir le hoibreoir an mhargaidh ar líne éalú óna oibleagáidí, atá air de bhun RGCS, trí bheith ag brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear i dTreoir 2000/31.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar Europe by Satellite ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

[2] Féach Airteagal 9 de RGCS lena ndéantar foráil do chóras cosanta speisialta le haghaidh sonraí íogaire, lena n áirítear sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha. Dar leis an Airteagal sin, tá toirmeasc, i bprionsabal, ar phróiseáil sonraí pearsanta, seachas má thagann sé faoi cheann de na heisceachtaí a leagtar amach ann.

[3] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach 'An Treoir um thrádáil leictreonach').

[4] Féach Airteagail 12 go 15 de Threoir 2000/31.

[5] Féach Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

[6] Féach Airteagal 4, pointe 7 de RGCS.